

Eleathanach 352

Dé Luain an 25 Bealtaine 2020

Áine ní Ghlinn: Laureate na nÓg 2020-2022


Is scríbhneoir Gaeilge í Áine Ní Ghlinn. Scríobhann sí filíocht agus leabhair do pháistí agus do dhaoine fásta. Den chuid is mó, bíonn sí ag scríobh do dhaoine óga agus tá a lán leabhar scríofa aici.

Scríobh sí *Hata Zú Mhamó*. Is leabhar greannmhar é faoi thuras go dtí an zú le Mamó agus faoina hata speisialta. Tá comhad fuaime den leabhar ar fáil ar an suíomh seo:

<https://coislife.ie/product/hata-zu-mhamo/>

Le déanaí tháinig fógra amach go mbeadh Áine Ní Ghlinn mar Laureate na nÓg anseo in Éirinn. Bíonn an Laureate ag iarraidh béim a chur ar litríocht do pháistí agus ag iarraidh léitheoireacht a spreagadh. Is í Áine an séú Laureate ach is í an chéad scríbhneoir a bhíonn ag scríobh i nGaeilge amháin.

Ba mhaith léi léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn, go speisialta go mbeadh paistí ag baint taitnimh as leabhair Ghaeilge. Comhghairdeas léi!



An féidir an píosa ealaíne a aithint ón bpráta?!



Spraoi sa bhaile – Ealaín

I scoil Oideachas Le Chéile Charraig Uí Leighin i gCo. Corcaigh, tá na páistí tar éis píosaí ealaíne iontacha a chruthú.

D'iarr an príomhoide orthu píosaí cáiliúla ealaíne a athdhéanamh. Bhí cead acu aon ealaíontóir a roghnú, agus ina measc, roghnaigh siad Van Gogh, Banksy, Frida Kahlo, agus an ceann is coitianta, Munch. Chruthaigh Edvard Munch píosa ealaíne darb ainm *An Scream (The Scream)*. *Shriek* an t-ainm atá air san Ioruais.

Bhí comórtas ann ar líne agus spreag seo an príomhoide chun é seo a thriail leis na páistí. Ar líne, d'úsáid duine éigin práta chun *An Scream* a athdhéanamh.

Is féidir iarracht a dhéanamh an ceann sin a chruthú sa bhaile os comhair an scátháin nó le glasra éigin eile!



Trátaí



Sútha talún



Thit Lá Domhanda na mBeach ar an 20 Bealtaine. Is lá é seo chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le beacha.

Tá beacha an-tábhachtach ar fad agus tá 1/3 de bhia an domhain ag brath orthu, m.sh. trátaí agus sútha talún. Tá siad tábhachtach toisc go dtógann siad pailín ó bhláth go bláth agus iad ag eitilt timpeall.

Is maith leis na beacha bláthanna. Má tá tú ag iarraidh cabhrú leo, is féidir leat bláthanna nó glasraí agus torthaí a chur sa ghairdín.

Is féidir leat folcadán beach a dhéanamh dóibh freisin. Cuir babhla le huisce agus clocha ann sa ghairdín agus beidh siad in ann deoch a fháil nuair a bheidh tart orthu.



Folcadán beach: uisce agus clocha

